NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Case M.11015 – PARKS BOTTOM / OXFORD / ACCOR / THE RIMROCK RESORT HOTEL)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 154/10)

1. An 20 Aibreán 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Parks Bottom Co Real Estate Holdings Inc. ("Parks Bottom", Ceanada), a bhaineann le grúpa GIC Realty,

— Oxford Properties ("Oxford"), a bhaineann leis an OMERS Administration Corporation ("OMERS", Ceanada, an dá cheann acu),

— Accor Management Canada Inc. ("Accor", Ceanada), faoi rialú Accor SA (an Fhrainc),

— The Rimrock Resort Hotel (Ceanada).

Gheobhaidh Parks Bottom, Oxford agus Accor rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar The Rimrock Resort Hotel.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní agus trí bhíthin conartha nó aon mhodh eile.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Díríonn Parks Bottom ar úinéireacht sócmhainní réadmhaoine thar ceann rialtas Shingeapór. Tá gníomhaíochtaí Parks Bottom teoranta do Cheanada,

— Infheistíonn Oxford Properties go domhanda i sócmhainní réadmhaoine. Is é brainse réadmhaoine OMERS é, ar úinéir réadmhaoine, infheisteoir, forbróir, agus bainisteoir maoine ar scála domhanda é.

— Oibríonn Accor óstáin ar fud Cheanada,

— Is óstán ionaid saoire é The Rimrock Resort Hotel, atá lonnaithe in Banff, Alberta, Ceanada, agus atá faoi úinéireacht an Rimrock Resort Hotel Corporation faoi láthair.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11015 – PARKS BOTTOM / OXFORD / ACCOR / THE RIMROCK RESORT HOTEL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË